



Coimisiún  
na Meán

# Fuaim & Fís 4 Babhta 55

## Treoir d'Iarratasóirí Raidió

Dáta Foilsithe:  
15 Deireadh Fómhair 2024

Spríodháta:  
28 Samhain 2024 ag 12 meán lae



# Clár

1. Réamhrá	3
2. Nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh	4
3. Nósanna Imeachta Measúnaithe	7
3.1 Céim an Réamhmheastóireachta	7
3.1.1 Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú?	7
3.1.2 Cad is féidir leis an Scéim a mhaoiniú?	7
3.1.3 Cad iad téamaí cláir agus riachtanais teanga na Scéime?	8
3.1.4 Cad iad formáid chlár agus riachtanais seánra na Scéime?	8
3.1.5 Cad é an rud é an Ceanglas chun Craoladh a dhéanamh?	9
3.1.6 An craoltóireacht an t-aon bhealach chun ábhar maoinithe ag an Scéim a dháileadh?	10
3.1.7 Cén uair is gá dom réasúnaíocht a sholáthar le haghaidh deacair a dhéanamh/buiséad íseal?	10
3.1.8 Cad is costais incháilithe ann?	11
3.1.9 Tús a chur leis an Léiriúcháin	12
3.2 Céim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil	12
3.3 Céim an Mheasúnaithe Straitéisigh	12
3.4 Daingniú	13
3.5 Próiseas Cinnteoireachta	13
3.6 Cinní Maoinithe	14
3.7 Conraitheoireacht	15
3.8 Séanadh	15
4. Foirm Iarratais	16
4.1 Sonraíocht an Chláir	16
4.2 Buiséad	17
4.3 Buiséad Mionsonraithe agus Nótaí Buiséid	19
4.4 Plean Airgeadais	20
4.5 Litir Tiomantais ó Chraoltóir	20
4.6 Deimhniú Tiomantais ó Mhaoinitheoirí Eile	21
4.7 Beathaisnéisí agus Litreacha Tiomantais ó Phríomhphearsanra	21
4.8 Daoine Cruthaitheacha Lárnacha / Rannpháirtithe Lárnacha	22
4.9 Oird Reatha Tascacha	23
4.10 Scrípteanna	23
4.11 Prionsabal Digiteach ar dTús	23
Aguisín 1 – Maitrís Scórála Réamhmheastóireachta	24
Aguisín 2 – Maitrís Scórála Cáilíochtúil	25
Aguisín 3 – Maitrís Scórála Straitéiseach	27



## 1. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán an ghníomhaireacht in Éirinn a fhorbraíonn agus a rialaíonn earnáil na meán atá faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa. Ciallaíonn sé seo meascán de ghuthanna, de thuairimí agus d'fhoinsí nuachta éagsúla. Is sa chomhthéacs seo a oibríonn An Coimisiún an Scéim Maoinithe Craolacháin Fuaim & Fís.

Maoinítear Scéim Sound & Vision 4 go príomha ón gCiste Craolacháin, comhdhéanta de 7% de na glanfháiltais bhliantúla ó tháillí ceadúnais teilifíse. Beidh buiséad oibriúcháin sealadach de €6.4m ag Babhta 55 den Scéim. Is maoiniú státchiste é €1m den mhaoiniú seo atá urraithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD Uasal.

**Ní mór gach iarratas a chur isteach trí [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) roimh mheán lae, 28 Samhain 2024.**

Is é cuspóir an doiciméid seo (“an Treoir”) ná treoir a sholáthar d’iarratasóirí agus d’iarratasóirí ionchasacha Fuaim & Fís 4 (“an Scéim”) faoi cé atá in ann cur isteach ar mhaoiniú, cad is féidir a mhaoiniú faoin Scéim, agus conas iarratas a chruthú agus a chur isteach chun maoiniú a fháil. Tá faisnéis ann freisin faoin bpróiseas measúnaithe, faoi fhógra a thabhairt maidir le cinntí maoinithe agus faoi na chéad chéimeanna eile i gcás iarratasóirí rathúla.

Ba cheart do gach iarratasóir ar chláir Raidió an Treoir seo d’iarratasóirí (“Treoir”) a léamh roimh fhoirm iarratais oifigiúil a chomhlánú agus í a chur isteach ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie). Is féidir an fhoirm iarratais oifigiúil Teilifíse a íoslódáil anseo. Tá iarratasóirí freagrach as a chinntiú go bhfuil an leagan reatha den Treoir agus an fhoirm iarratais á úsáid acu.



## 2. Nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh

**2.1 Iarratas a chur isteach:** Ní mór gach iarratas a chur isteach trí láithreán gréasáin iarratais ar líne [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie). Ní mór iarratais atá comhlánaithe go hiomlán a chur isteach ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) faoin 12 meán lae ar an spriocdháta le haghaidh gach babhta maoinithe, mura luaitear a mhalairt. Tá na sprioc-amanna agus na spriocdhátaí foilsithe [anseo](#). Ní fhéadfar iarratais a chur isteach ach amháin nuair a bheidh Babhta maoinithe ar oscailt. Beidh gach Babhta maoinithe ar oscailt ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad roimh an spriocdháta foilsithe. Déanfar iarratais neamhiomlána a dhícháiliú. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh An Choimisiúin maidir leis sin.

**2.2 Clárú:** Ní mór d'aon duine ar mian leo iarratas a dhéanamh ar an Scéim a bheith cláraithe mar iarratasóir ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie). **Ní mór d'iarratasóirí ionchasacha clárú a iarraidh tráth nach déanaí ná 2 lá oibre sula gcuirtear deireadh le babhta maoinithe.**

**Chomh maith leis sin** ní mór don eintiteas a rachadh i mbun conraitheoirachta le Coimisiún na Meán sa chás go tairscítear maoiniú a bheith cláraithe mar **Chonraitheoir ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) Ní mór do Chonraitheoirí ionchasacha clárú a iarraidh tráth nach déanaí ná 2 lá oibre sula gcuirtear deireadh le babhta maoinithe.**

Téigh go dtí [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) lena dheimhniú conas clárú.

**2.3** Déan tagairt do Cheisteanna Coitianta CnaMOnline ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) mura bhfuil tú cinnte faoi conas iarratas a sheoladh ar aghaidh nó dean teagmháil leis An gCoimisiún ag [sv4@cnam.ie](mailto:sv4@cnam.ie)

**2.4 Seicliosta d'iarratais:** Ba cheart d'iarratasóirí bheith ábalta freagra dearfach a thabhairt ar na 12 cheisteanna a leanas le bheith incháilithe d'iarratas a dhéanamh i gcomhair maoinithe:

1.	Tá mé cláraithe le <a href="http://www.cnamonline.ie">www.cnamonline.ie</a> .	Tá/Níl
2.	Tá seiceáilte agam go bhfuil an Conraitheoir le haghaidh mo chlárú cláraithe freisin le <a href="http://www.cnamonline.ie">www.cnamonline.ie</a> agus tá an t-eintiteas sin curtha isteach mar an "Conraitheoir" agam ar m'iarratas <a href="http://www.cnamonline.ie">www.cnamonline.ie</a> .	Tá/Níl
3.	Tá an Scéim S&V4 agus an Treoir S&V4 reatha (Babhta 55) d'iarratasóirí raidió léite agam. agus tuigim iad.	Tá/Níl
4.	Déanfaidh mé teimpléad na foirme iarratais a chomhlánú agus é a shábháil mar aon <b>PDF amháin</b> (níos lú ná 8MB) sula n-uaslódáil mé an doiciméad seo ar <a href="http://www.cnamonline.ie">www.cnamonline.ie</a> . Tá dearbhuithe uile tríú páirtithe ináirithe laistigh den iarratas agus tá an t-eolas ar fad san iarratas so-léite.  Déantar aon ábhar a mheastar a bheith faoi rún a shábháil in aguisín mar PDF amháin agus tá an réasúnaíocht chun rúndacht a lorg leagtha amach go soiléir agus á uaslódáil chuig <a href="http://www.cnamonline.ie">www.cnamonline.ie</a> . Tuigim ar cheart gurb é an t-aon ábhar a chuirtear isteach mar PDF ar leithligh leis an iarratas PDF ná cáipéisíocht atá faoi rún.	Tá/Níl
5.	Táim chun a sheiceáil nach bhfuil víris ríomhaire sa doiciméad seo sula ndéanfar é a uaslódáil chuig <a href="http://www.cnamonline.ie">www.cnamonline.ie</a> .	Tá/Níl
6.	Tá na réimsí éigeantacha ar fad ar an gcuid den fhoirm iarratais atá ar líne comhlánaithe agam ar <a href="http://www.cnamonline.ie">www.cnamonline.ie</a> .	Tá/Níl
7.	Tá an togra atá beartaithe agam réidh lena léiriú.	Tá/Níl
8.	Níl tús curtha go fóill le léiriú an togra atá beartaithe agam.	Tá/Níl
9.	Tá an togra atá beartaithe agam nua.	Tá/Níl
10.	Táim cinnte nach clár nuachta agus cúrsaí reatha é an togra atá beartaithe agam.	Tá/Níl
11.	Ní théann m'iarratas ar mhaoiniú ó Choimisiún na Meán thar <b>€500k</b> .	Tá/Níl
12.	Tá an chuid is mó den Mhaoiniú eile a theastaíonn chun an tionscadal seo a léiriú léirithe mar mhaoiniú urraithe i m'iarratas agam de réir <a href="#">alt 4.6 den Treoir seo</a> .	Tá/Níl
13.	Tá litir ghealltanais curtha ar fáil le déanaí ag craoltóir incháilithe leis an togra seo.	Tá/Níl
14.	Tá gá le haon sonraí pearsanta atá san iarratas seo.	Tá/Níl



**2.5 Deimhniú Faisnéise:** Ní mór go mbeidh aon fhaisnéis a luaitear mar chuid den iarratas bheith cruinn agus fíor.

**2.6 Spriocdháta:** Is féidir an t-iarratas maille leis na ceangaltáin chuí a chur isteach trí [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) faoi **12 meán lae, 28 Samhain 2024.**

**2.7 Faisnéis Rúnda:** Ba cheart aon fhaisnéis a mheasfaidh iarratasóir a bheith faoi rún a uaslódáil mar cheangaltán ar leithligh leis an iarratas sa chuid dar teideal Ábhar faoi Rún ar thaifead iarratais [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie). Déanfaidh An Coimisiún cinnte de go láimhseáiltear an fhaisnéis seo ar bhealach iomchuí le linn agus i ndiaidh an phróisis iarratais.

**2.8 Saoráil Faisnéise:** Déanfar gach uile iarracht faisnéis a fhaightear mar fhreagra ar an bpróiseas seo a choinneáil faoi rún, i gcomhréir le ceanglais dlí An Coimisiún lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Iarrtar ar iarratasóirí agus ar chonraitheoirí a machnamh a dhéanamh faoinar cheart d'aon fhaisnéis a sholáthraítear chuig An Coimisiún bheith **nochtaithe ar chor ar bith** de bhrí ar a bhfuil ráite san fhaisnéis. Chomh maith leis sin, iarrtar orthu a lua cén fhaisnéis atá i gceist, más ann di, agus na cúiseanna a bhaineann leis an ngá rúndachta. Rachaidh An Coimisiún i mbun comhairle le hiarratasóirí i dtaca le haon fhaisnéis rúnda, phearsanta nó tráchtála a d'fhéadfadh bheith íogair sula ndéanfar aon chinneadh faoi fhaisnéis a scaoileadh faoi théarmaí an Achte um Shaoráil Faisnéise. Scaoilfí faisnéis dá leithéid mar fhreagra ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

**2.9 Cosaint Sonraí:** D'fhonn an tionscnamh maoinithe seo a rith ar bhealach éifeachtach, iarrfaimid sonraí a bhaineann leis an t-iarratasóir agus sonraí beachta i dtaca leis an tionscnamh molta. Cuimsítear anseo, sonraí agus cáipéisíocht ina luaitear sonraí pearsanta amhail teidil phoist, tuarastail agus seoltaí rphoist.

Comhlíonfaidh An Coimisiún a ndualgais faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an *Data Protection Act*, 2018 agus faoi aon dlíthe nó rialacháin príobháideachais iomchuí a bhaineann le sonraí agus é ag láimhseáil nó ag próiseáil aon fhaisnéis phearsanta a fhaightear le linn an phróisis mhaoinithe seo.

Úsáidfean an fhaisnéis a chuirtear le hiarratais, le n-áirítear faisnéis phearsanta chun an t-iarratas a chur ar aghaidh agus chun dul i dtéagmháil leis an iarratasóir.

Ní choinneofar na sonraí pearsanta a chuirtear leis na hiarratais ach amháin sa chás go n-éiríonn leis an iarratas. Bheadh na sonraí seo de dhíth d'fhonn an conradh maoinithe a eisiúint agus d'aon mheasúnú a dhéanfaí ar fheidhmíocht maidir leis an deontas agus aon torthaí gaolmhara. D'fhéadfaí na sonraí a úsáid ar mhaithe le hachomhairc a dhéanamh ar an tionscnamh maoinithe féin agus d'fhéadaí na sonraí bheith úsáidte ag taighdeoirí seachtracha. Sciosfaí aon sonraí pearsanta ar fhoirmeacha srl. sna cásanna sin.

Tá Coimisiún na Meán tiomanta do chosaint a dhéanamh ar na sonraí pearsanta go léir a sholáthraítear mar fhreagra ar an nglaoch iarratais i leith an bheartais mhaoinithe seo. Tá Oifigeach do Chosaint Sonraí



ceaptha ag An gCoimisiún cheana agus tá an t-oifigeach seo cláraithe leis An gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcaoi a dhéantar próiseáil ar shonraí pearsanta ar fáil : [anseo](#) agus tá téarmaí agus coinníollacha ar fáil [anseo](#).

**2.10 Coinbhleachtaí Leasa:** Ní mór don Choimisiún an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí (1995) agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (2001) a chomhlíonadh. I dtaca leis sin, más rud é gur iarratasóir thú, agus má fhaigheann tú amach faoi chúinsí a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú maidir le d'iarratas, ní mór duit An Coimisiún a chur ar an eolas go pras faoi na cúinsí sin.

**2.11 Maoiniú Cúnaimh Stáit** Má thairgtear maoiniú níos mó ná €100,000 do Chonraitheoir ní mór don Choimisiún sonraí na dtairiscintí sin a chur isteach laistigh de shé mhí lena bhfoilsíú ar Mhodúl um Chúnaimh Trédhearcachta (TAM) an AE. Tá sé seo chun cloí le Rialachán (AE) Uimh. 2023/1315 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2023, lena leasaítear Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine Uimh. 651/2014.

**2.12 An tAcht um Thús Áite do Leanaí** Mar chomhlacht poiblí, tá oibleagáidí ar an gCoimisiún faoin Acht um Thús Áite do Leanaí (2015). Sa chás go bhfuil an Coimisiún ag maoiniú tionscadal nó gníomhaíochta a bhaineann le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha, tá dualgas ar an gCoimisiún agus ar an gconraitheoir forálacha an Achta a chomhlíonadh. Má bhaineann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha, ba chóir é seo a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais. Tabhair faoi deara, le do thoil, mar choinníoll maoinithe go n-iarrfar ort cóip de do Bheartas um Chaomhnú Leanaí/Bheartas um Chosaint Aosach Soghonta a sholáthar agus dearbhú a thabhairt go bhfuil do thionscadal ag feidhmiú de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí. Is féidir doiciméad Treorach Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí a fháil [anseo](#).

**2.13 Ionadaíochtaí agus Barántais** Tá iarratasóirí freagrach go hiomlán as a chinntiú go gcloíonn siad le gach dlí agus rialachán ábhartha in Éirinn, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, na Treoirínte óna Coimisinéirí Ioncain maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh chun Críocha Cánachais.



### 3. Nósanna Imeachta Measúnaithe

Tá cúpla céim ann sa phróiseas. Beidh measúnú a dhéanamh ar iarratas in aghaidh critéir a aontaíodh cheana féin ag gach uile chéim den phróiseas. Tá na critéir sin ag teacht le reachtaíocht agus le beartais An Choimisiúin. Seo a leanas na céimeanna sa phróiseas:

- Céim réamh-mheastóireachta
- Céim an mheasúnaithe cháilíochtúla
- Céim an mheasúnaithe straitéisigh
- Daingniú

Ionas go mbeidh an próiseas soiléir d'iarratasóirí, seo a leanas briseadh síos beacht ar gach uile chéim den phróiseas iarratais.

#### 3.1 Céim an Réamhmheastóireachta

Ní mór d'iarratasóirí roinnt critéir a shásamh sula ndéanfar measúnú orthu i leith maoinithe. Ní mór dóibh bheith incháilithe le hiarratas a dhéanamh agus ní mór iarratas a dhéanamh do thionscnaimh a cheadaítear faoin Scéim agus ní mór maoiniú a iarraidh laistigh de na teorainneacha ceadaithe. Leagtar amach an Creatlach Scórála Cáilithe don chéim seo in Aguisín 1. Mura shásaítear na bunchritéir seo go léir, ní dhéanfar an t-iarratas a mheas tuilleadh. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh An Choimisiúin maidir leis sin.

##### 3.1.1 Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú?

Ní foláir ná gur Éireannaigh amháin nó saoránaigh nó cónaitheoirí de chuid an AE iad na daoine aonair. Ní foláir d'aonáin dlí a bheith ionchorpraithe in Éirinn nó san AE.

##### 3.1.2 Cad is féidir leis an Scéim a mhaoiniú?

Tá maoiniú ar fáil i gcomhair costais tháirgthe ábhar fuaimhe nó chlosamhairc nua d'fhormáidí cláir, do sheánraí agus do théamaí áirithe a chraolfaidh craoltóir incháilithe le linn an sceidil buaic-ama de ghnáth.

Ní ghlacfaidh an Scéim ach le hiarratais ar chláir atá réidh le léiriú. Ní ghlacann an scéim le hiarratais ar chláir atá i mbun léirithe cheana féin nó le hiarratais ar chláir ar féidir le lucht féachana catagóiriú a dhéanamh orthu mar chláir nuachta nó cúrsaí reatha.

**Cláir Nua:** Ní mór gach clár a mhaoinítear a bheith úrnua agus gan tús a bheith curtha leis an léiriúcháin roimh cur isteach ar an scéim. Bheadh An Coimisiún sásta iarratais a bhreithniú maidir le dara clár nó sraith clár. Sa chás seo, ní mór don iarratasóir an méid seo a chur síos san fhoirm iarratais (ar líne agus sa leagan MS Word/pdf den fhoirm iarratais):

- Ná cúiseanna gur togra 'nua' an togra atá beartaithe a leagan amach; agus
- A thaispeáint go bhfuil an clár bunaidh nó an tsraith bhunaidh agus/nó aon chlár nó sraith ina dhiaidh sin críochnaithe den chuid is mó nuair a chuirtear an t-iarratas isteach. Más rud é go mbronnar maoiniú i bprionsabal ar dhara clár/sraith, caithfear an clár/an tsraith atá ar conradh cheana féin a chur i gcrích agus a sheachadadh chun sástacht An Choimisiúin sula dtabharfar conradh le haghaidh an dara clár/sraith i gcrích. Tabhair faoi deara go bhfuil feidhm leis an spriocdháta caighdeánach 12 mhí chun idirbheartaíocht chonartha maidir le dara clár/sraith a thabhairt i gcrích.



### 3.1.3 Cad iad téamaí cláir agus riachtanais teanga na Scéime?

Ní mór déileáil sna cláir le ceann amháin ar a laghad de na téamaí atá leagtha amach thíos agus cuireann An Coimisiún fáilte roimh léirmhínte leathana, cruthaitheacha ar na téamaí sin.

- Oidhreacht, cultúr agus taithí na hÉireann, ina bhféadfar na téamaí seo a leanas a áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh: an stair; foirgnimh stairiúla; an timpeallacht nádúrtha; an daonoidhreacht, oidhreacht na tuaithe agus an oidhreacht dhúchasach; na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha; an Ghaeilge, agus taithí na hÉireann i gcomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta;
- Litearthacht aosach nó litearthacht ó thaobh na meán a fheabhsú;
- Feasacht agus tuiscint an phobail a chothú faoi shaincheisteanna domhanda a imríonn tionchar ar an Stát agus ar thíortha seachas an Stát;
- Aon cheann de na cláir thuasluaite a fhorbairt as Gaeilge.

Tá dearcadh leathan ag An gCoimisiún ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann a chuimsíonn na léirithe comhaimseartha ar fad ar na téamaí sin. Féadfaidh na cláir a bheith i nGaeilge, i mBéarla, dátheangach (Gaeilge agus Béarla) nó ilteangach (i.e. Gaeilge móide dhá theanga nó níos mó)<sup>1</sup>. Ní mór 30% ar a laghad den ábhar a bheith i nGaeilge i gcláir dhátheangacha agus ilteangacha.

### 3.1.4 Cad iad formáid chláir agus riachtanais seánra na Scéime?

Glactar le réimse seánraí agus formáidí do raidió faoi mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Is é an t-aon chineál cláir nach n-áirítear ná cláir a dhéantar don nuacht agus do chúrsaí reatha nó ar féidir catagóiriú a dhéanamh orthu mar chláir nuachta nó cúrsaí reatha mar gheall ar an ábhar nó an bealach ar caitheadh leis an ábhar.

<b>Formáidí Inghlactha:</b>	Cláir Faisnéise; Oideachas; Drámaíocht agus Siamsaíocht
<b>Seánraí Inghlactha:</b>	Cláir do Leanaí; Na hEalaíona/An Cultúr; an tSochaí Chomhaimseartha; An Stair/An Oidhreacht; An Eolaíocht/An Dúlra/An Timpeallacht; agus, Litearthacht Aosach/Litearthacht ó thaobh na Meán
<b>Seánraí Eisiata</b>	Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Ní mór d'iarratasóirí a gclár/cláir bheartaithe a chatagóiriú in aon seánra agus formáid amháin bunaithe ar an maitrís thuas agus a n-iarratas ar líne á dhéanamh acu. Cé go bhféadfadh gnéithe de níos mó ná formáid nó seánra amháin a bheith i gcuid de na cláir ar nós docu-drama, ba cheart d'iarratasóirí an ceann is oiriúnaí a roghnú i gcomhthéacs an chláir iomláin. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht an fhormaid agus an seánra is oiriúnaí a roghnú. Is féidir cláir ghrinn scrípte a chur isteach faoin bhformáid Drámaíochta. Maidir le cláir Formáidithe Oideachais, agus tionscadail sa seánra nó téama Litearthacht sna Meán nó litearthacht Aosach tabhair faoi deara le do thoil:

- Ní mór do thionscadail oideachais na torthaí foghlama don lucht féachana a bhfuil siad ag súil le bhaint amach agus aon ghné oideachasúil den chlár a léiriú.

<sup>1</sup> Is féidir cláir i mBéarla agus i dteanga(cha) eile seachas an Ghaeilge a chatagóiriú mar chláir 'Bhéarla'.





- Caithfidh tionscadail Litearthachta d'Aosaigh a bheith ag teacht leis an sainmhíniú ar litearthacht aosach i gcáipéis Scéim Sound & Vision 4.
- Ní mór do thionscadail Litearthachta na Meán ailíniú leis an mBeartas um Litearthacht sna Meáin atá ar fáil [anseo](#)

**Coimeádann An Coimisiún an ceart iarratais a athrangú le linn an phróisis measúnaithe más é a thuairim, agus bunaithe ar dhoiciméadú an iarratais, go bhfuil an togra níos oiriúnaí do chatagóir eile ó thabh formáid, seánra nó téama de. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh An Choimisiúin maidir leis seo.**

### 3.1.5 Cad é an rud é an Ceanglas chun Craoladh a dhéanamh?

Ní mhaoinoidh An Coimisiún ach léiriú na gclár a chraolfaidh craoltóir incháilithe.

Ag céim an iarratais, éilfionn An Coimisiún ar iarratasóirí litir ghealltanais a sholáthar ó chraoltóir a dheimhníonn comhaontú an clár a chraoladh ar aon dul le riachtanais An Choimisiúin.

Tá na critéir incháilitheachta do chraoltóir leagtha amach thíos.

Caithfidh seirbhís de chuid RTÉ nó craoltóir atá ceadúnaithe ag An gCoimisiún na cláir raidió a chraoladh.

**Craoladh Buaic-Am Éisteachta:** Ní mór don chraoltóir incháilithe atá bainteach leis an togra gealltanais a thabhairt go gcrálfar na cláir atá beartaithe ag buaic-amanna. Ní mór litir tiomantais sínithe ón gcráoltóir a áireamh i ngach iarratas chun na críche sin, mura bhfuil sí díolmhaithe go sonrach mar atá leagtha amach thuas.

Is iad na buaic-amanna féachana:

<b>Cláir raidió</b>	7 a.m. - 9 p.m.
---------------------	-----------------

Tá roinnt clár saor ón gceanglas buaic-ama. Is iad sin:

<b>Cláir do Pháistí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá siad sin saor ón gceanglas buaic-ama mura gcráoltar iad ar chainéal tiomnaithe do leanaí.</li> <li>• Sonróidh An Coimisiún buaic-am i leith cainéal den chineál sin ag tagairt d'imthosca ar nós an cineál cainéil agus na cláir a dtacaítear leo.</li> <li>• Eisítear an tréimhse 00.00 – 07.00 sa díolúine ghinearálta seo.</li> </ul>
<b>Cláir oideachais (lena n-áirítear cláir a bhaineann le litearthacht aosach/litearthacht ó thaobh na meán ach gan a bheith teoranta do chlár den sórt sin)</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá siad sin saor ón gceanglas buaic-ama.</li> <li>• Ní áirítear an tréimhse 00.00 – 07.00 sa díolúine ghinearálta seo.</li> </ul>
<b>Cláir Ghaeilge agus foirme fada</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Síneann an ceanglas buaic-ama maidir le cláir a chraoltar i nGaeilge (cibé acu cláir raidió nó cláir theilifíse), agus cláir foirme fada ar an teilifís, go dtí meán oíche.</li> </ul>



### 3.1.6 An craoltóireacht an t-aon bhealach chun ábhar maoinithe ag an Scéim a dháileadh?

Is é an riachtanas don eisiúint ‘digiteach ar dtús’ ná go gcuirfear an clár/na cláir fuaime ar fáil go digiteach laistigh de 12 mhí ó sheachadadh an ábhair don chraoltóir.

Chomh maith leis sin, ba chóir go mbeadh an maoiniú do na costais seachadta íseal ós rud é go ndéanfaí an t-ábhar a chuirtear ar fáil, go hiomlán nó go páirteach, a tháirgeadh mar chuid den chraoladh líneach. Go táscach, níor cheart go sáródh na costais a bhaineann le soláthar ‘digiteach ar dtús’ 5% de bhuiséad an tionscadail. Má lorgaíonn larratasóir costais ‘digiteacha ar dtús’, ní mór don larratasóir luach ar airgead a léiriú agus beidh air tuairisc a thabhairt ar thoradh aon tionscnaimh ‘digiteach ar dtús’ laistigh de bhliain ó chríochnaigh an tionscadail.

Ba cheart don larratasóir smaoineamh freisin ar sholáthar a dhéanamh do Rochtain.

Ní mór an cur chuige i leith an phrionsabail ‘go digiteach ar dtús’ a chomhaontú leis an gCraoltóir incháilithe agus chun críocha treorach amháin, d’fhéadfaí a áireamh: -

- an clár ar fad nó cuid de a chur ar fáil go digiteach ar dtús e.g. dáileadh réamh-tarchurtha trí shuíomh Gréasáin Stáisiúin Raidió, ardáin na meán sóisialta agus aipeanna ar nós podchraoltaí, sula bhfeicfear mar chraoladh é;
- ‘digiteach ar dtús’ a úsáid chun an clár a chur chun cinn; le gearrthóga promo ar na meáin shóisialta, úsáid hashtags, scéalta instagram, comhroinnt grianghraf srl.;fócas ar sheánraí agus formáidí áirithe, lena n-áirítear ábhar do leanaí agus ábhar gearrthéarmach i seánraí iolracha, ag léiriú blasanna agus iompraíochtaí lucht féachana óg go háirithe ;
- ábhar breise a chur ar fáil san ábhar sin nár úsáideadh sa ghearradh deiridh a bhí beartaithe don léiriúcháin e.g. agallaimh leathnaithe;
- annpháirtíocht an lucht féachana ar líne a éascú agus a chur chun cinn trí vótaíochtaí lucht féachana, tuairimí, agus comórtais etc.

### 3.1.7 Cén uair is gá dom réasúnaíocht a sholáthar le haghaidh deacair a dhéanamh/buiséad íseal?

Ní mór d’iarratais ar mhaoiniú a chomhlíonann critéir uile Choimisiún na Meán 1-4 atá luaite sa bhosca thíos réasúnaíocht a thabhairt maidir leis an gcaoi a bhfuil carachtar oibre closamhairc atá deacair le déanamh ag an gclár atá beartaithe. Chun é seo a dhéanamh, roghnaigh “Níl” sa réimse anuas ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) foirm iarratais a fíafraíonn “an gcomhlíonann an tionscadal na critéir maidir le buiséad íseal” agus ansin cuir isteach do réasúnaíocht maidir leis an gcaoi a bhfuil carachtar fuaime ag an gclár molta -obair amhairc atá deacair a dhéanamh sa réimse éigeantach ba cheart a bheith ar fáil nuair a bheidh do rogha déanta agat.

Ba cheart d’iarratais nach gcomhlíonann critéir 1-4 uile Choimisiún na Meán “Tá” a roghnú don cheist “an gcomhlíonann an tionscadal na critéir maidir le buiséad íseal” ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) agus ní bheidh orthu réasúnaíocht bhreise a thabhairt.

1. tá na buiséad iomlán os cionn €55,000 (raidíó) nó €750,000 (teilifís), agus
2. tá iomlán an chúnamh deontais a iarrtar os cionn 50% den bhuiséad iomlán, agus
3. *níl* na cláir I nGaeilge, agus
4. *níl* an clár ag déileáil le saincheisteanna maidir le litearthacht aosach.

- I measc na gcritéar chun cláir ar gá “dua mór” a chaitheamh leo a mheas tá:
- Acmhainní an léiritheora, an chraoltóra nó an togra
- Easpa acmhainneachta tráchtála
- An chaoi nach meallfadh sé lucht féachana suntasach
- Sainiúlacht na dtéamaí teanga, oideachais agus cultúrtha
- An nádúr turgnamhach agus/nó an riosca cruthaitheach a bhaineann leis an gclár

### 3.1.8 Cad is costais incháilithe ann?

Ní ghlacfaidh an Scéim ach le hiarratais ar chlár atá réidh le léiriú. Ní ghlacann an scéim le hiarratais ar chlár atá i mbun léirithe cheana féin. Níl iarratais ar mhaoiniú d'fhorbairt neamhspleách nó clár chríochnaithe incháilithe sna babhtáí ginearálta maoinithe.

Is iad na costais amháin is féidir a mhaoiniú faoi S&V4 ná costais incháilithe. Is iad na costais incháilithe na costais a bhaineann le léiriú agus seachadadh an chlár (na gclár) agus, anuas ar chostais léiriúcháin ghinearálta, féadfar costais airgeadais, dhlíthiúla agus bhaincéireachta a chur san áireamh iontu. Is féidir le costais forbartha a bheith incháilithe má tá siad bainteach go díreach le léiriúchán an chlár agus tacaíocht acu ó nótaí buiséid.

**Ba cheart d'iarratasóirí bunús le gach costas a chur ar fáil ina nótaí buiséid/ miondealú mionsonraithe den bhuiséad a chur ar fáil. Cuirtear i gcuimhne d'iarratasóirí, i gcás léirithe idirnáisiúnta, aon chostais a thabhaítear a bhaineann leis an léiriúchán, is cuma cá dtabhaítear na costais go meastar iad a bheith incháilithe i gcomhthéacs na Scéime. Mar sin, ba chóir de phlean buiséid agus airgeadais an iarratasóra na costais sin go léir a chur san áireamh agus ba chóir gealltanais maoiniú ábhartha lena haghaidh a bheith léirithe a dhóthain san iarratas le bheith slán.**

Is iad na costais neamh-incháilithe costais a bhaineann le léiriú agus le seachadadh ach nach mbaineann go díreach le déanamh ná le seachadadh na gclár. Samplaí de chostais neamh-incháilithe iad costais dímhéasa, costais ghinearálta a bhaineann le láithreán gréasáin agus costais oiliúna<sup>2</sup>.

I bhformhór na gcásanna is costais neamh-incháilithe iad costais chaipitil. Sa chás gur grúpa pobail atá ag gabháil do léiriú clár an t-iarratasóir, áfach, d'fhéadfadh roinnt costas caipitil a bheith incháilithe chun maoiniú a fháil. Sna cásanna sin, ní mór d'iarratasóirí réasúnaíocht iomlán a chur ar fáil ag míniú cén fáth a bhfuil na costais chaipitil sin riachtanach agus trí luachan a sholáthar chun trealamh den sórt sin

<sup>2</sup> Is éard a bheadh san oiliúint ghinearálta ná oiliúint nach mbaineann go díreach leis an léiriúchán. Mar sin féin, d'fhéadfadh costais oiliúna a bhaineann go díreach leis an léiriúchán a bheith inghlactha, mar shampla, breisoiliúint an oiliúnaí atá ag obair ar an léiriú srl. Ba cheart aon oiliúint den sórt sin a nascadh leis an gcuid “Forbairt Scileanna/Tallaine” de d'iarratas. Moltar freisin nóta buiséid ar aon oiliúint dá leithéid.”



a fháil. Déanfar iad seo a mheas cás ar chás agus soláthróidh An Coimisiún 80% ar a mhéad de chostais chaipitil den chineál sin.

Is féidir suas le 95% de na costais a bhaineann leis an mbuiséad incháilithe a mhaoiniú faoin Scéim. Mar gheall ar an éileamh fhoriomlán atá ar mhaoiniú Scéime, cuirtear de chomhairle ar iarratasóirí ar thionscadail closamharc gurb é an uasmhéid tháscach d'iarratas ar mhaoiniú ná **€500,000** agus tá seans maith gur eisceachtaí a bheidh i ndeontais den mhéid sin seachas na gnáthmhéideanna maoinithe a bhronnfar. Ba cheart d'iarratasóirí féachaint ar an mairtís maoinithe mar atá leagtha amach thíos chun faisnéis mhionsonraithe a fháil faoi na méideanna is féidir a lorg i gcomhair tograí aonair.

Iosmhéid an deontais	Uasmhéid an deontais	Ní bheidh an deontas a bhronnfar os cionn an chéatadáin seo a leanas den bhuiséad iomlán <i>incháilithe</i>
	€20,000	Suas go 95%
€20,001	€40,000	Suas go 90%
€40,001	€55,000	Suas go 85%
Os cionn €55,001		Déanfar iad sin a chaibidliú cás ar chás ach ní bheidh siad os cionn 85%.

### 3.1.9 Tús a chur leis an Léiriúcháin

Tabhair faoi deara, nuair a bhíonn an t-iarratas curtha isteach, agus nuair a bhíonn an babhta dúnta agus an próiseas measúnú ar bun, gur féidir tús a chur leis an léiriú ach is ar phriacal an iarratasóra féin a dhéanfar é sin.

### 3.2 Céim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil

Má mheastar go bhfuil an t-iarratasóir agus an t-iarratas incháilithe sa Chéim Réamh-Mheasúnaithe Meastóireachta, tá an t-iarratas incháilithe le breithniú chun maoiniú a dhámhachtain. Is é an chéad chéim eile an Chéim Meastóireachta Cáilíochtúil ina ndéantar gach iarratas a mheas ar a fhiúntais féin i gcomhthéacs chuspóirí na scéime agus na gcrítéar cáilíochtúil réamhshocraithe. Tá an Mairtís Scórála Meastóireachta Cáilíochtúil leagtha amach in [Aguisín 2](#) mar eolas agus mar thagairt.

Ní mór d'iarratasóir scór 50% nó níos mó a bhaint amach i ngach ceann de na critéir éigeantacha seo chun cáiliú le haghaidh tuilleadh measúnaithe chun maoiniú a dhámhachtain. Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe:

Critéir Éigeantacha:

- *Breisíocht, Luach Cultúrtha agus Nuálaíocht.*
- *Caighdeán an Iarratais.*
- *Acmhainní/An Cás a rinneadh le haghaidh Maoinithe.*

### 3.3 Céim an Mheasúnaithe Straitéisigh

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratas cáilitheach ná cistí atá ar fáil ag eascairt as Céim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil, tionólfaidh An Coimisiún Painéal Measúnaithe Straitéisí agus beidh céim mheastóireachta bhreise aige, an Chéim Meastóireachta Straitéisí. Díreoidh an chéim seo ar chothromaíocht a bhaint



amach i bpacáiste iomlán na dtionscadal maoinithe i gcomhthéacs chuspóirí na scéime. Déanfar moltaí a eascraíonn ón gcéim cháilíochtúil a mheas freisin ag an gcéim seo den mheasúnú. Is iad seo a leanas na critéir um Measúnú Straitéiseach:

- Éagsúlacht an ábhair, agus tagairt á déanamh do sheánraí, d'fhormáidí, d'ábhar agus don lucht féachana
- An Ghaeilge
- Forbairt tallainne agus scileanna
- Mná i bpríomhról cruthaitheach
- An Scór measúnaithe cháilíochtúil iomlán

Cuirtear moltaí ón gcéim seo den mheasúnú faoi bhráid na gCoimisinéirí lena ndaingniú.

Le haghaidh tuilleadh eolais, Tá an Mhaitrís Scórála Meastóireachta Straitéisí don Mheasúnú Cáilíochtúil agus Straitéiseach leagtha amach in [Aguisín 3](#).

### 3.4 Daingniú

Déanann na Coimisinéirí cinntí deiridh ar an bpacáiste moltaí a eascraíonn ón gcéim mheasúnaithe roimhe seo. Tar éis do na Coimisinéirí a bheith daingnithe, cuirtear toradh a n-aighneacht(aí) in iúl d'iaratasóirí.

### 3.5 Próiseas Cinnteoireachta

Seo a leanas na próisis ar fad a leanfar agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar iarratais maidir lena n-incháilitheacht do mhaoiniú a fháil:

**3.5.1** Déanfar measúnacht tosaigh ar gach iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann sé critéir cháilitheacha na scéime lena n-áirítear incháilitheacht an iarratasóra agus go bhfuil an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a theastaíonn curtha isteach. Dícháileofar aon iarratasóir nach gcomhlíonfaidh aon cheann faoi leith de na critéir liostaithe agus eisiafar é nó í ón bpróiseas iarratais ([féach Aguisín 1](#)). Déanfaidh foireann An Choimisiúin seiceáil ar aon choinbhleachtaí leasa ionchasacha leis na measúnóirí sula ndéanfar aon iarratais a dháileadh ar an gcéad chéim eile den mheasúnú.

**3.5.2** Ansin déantar na hiarratais incháilithe a eagrú ina ngrúpaí. Féadfaidh na grúpálacha a bheith i gcomhréir leis an gcineál togra (Raidió nó Teilifís); formáid; seánra; an méid a iarrtar agus mar sin de agus a shannadh do Phainéal Measúnúcháin Cháilíochtúil.

Beidh baill foirne de chuid An Coimisiúin agus measúnóirí seachtracha ar an bPainéal agus i bhfoirmiú gach Painéil, cuirfidh An Coimisiún san áireamh scileanna cuí agus taithí chuí a theastaíonn chun na tionscadail a mheas. Déanann gach ball seachtrach den Phainéal gach iarratas a mheas go neamhspleách agus ansin tionóltar cruinniú chun gach iarratas a phlé. Socróidh an painéal ar scór i gcomhair gach iarratais agus socrófar ar liosta de na moltaí maoiniúcháin. Ansin scaipfidh an Fheidhmeannacht dréacht de na hábhair ar ar socraíodh ar gach ball den phainéal lena mbreithniú agus lena gceadú. Ar na cruinnithe measúnúcháin painéil go léir a chríochnú, lena n-áirítear ainm a chur le doiciméadacht an chruinnithe measúnúcháin, tiomsaítear liosta iomlán na moltaí maoiniúcháin. Más mó an méid maoiniúcháin a mholtar ná an méid atá ar fáil don bhabhta, beidh céim mheasúnaithe straitéisigh ag teastáil.

**3.5.3** Tá Painéal Measúnú Straitéiseach curtha ar bun ar a bhfuil comhaltaí sinsearach de lucht bainistíochta An Choimisiúin agus baill foirne atá páirteach i reáchtáil bhabhta F&F4. Déanann an fóram



seo breithniú i dteannta a chéile ar scóir na Céime Measúnaithe Cháilíochtúil, ar mholtaí an Phainéil agus ar na critéir straitéiseacha. Tá sé d'oibleagáid ar An gCoimisiún cothromaíocht ábhair a bhaint amach a éascóidh an meascán is fearr d'fhormáidí, de sheánraí, de theanga agus de lucht féachana agus éisteachta ar bhonn na n-iarratas arna bhfáil i gcomhair an bhabhta. Is ar na hiarratais is mó a mheastar a gcomhlíonann spriocanna agus cuspóirí na Scéime a bhronnfar na marcanna is airde agus mar sin is orthu a dhámhfar maoiniú. Déantar na moltaí deiridh a chur faoi bhráid An Choimisiúin ansin lena ndaingniú.

**3.5.4** Is é An Coimisiún a dhéanann na cinntí deiridh faoi na hiarratais sa chéim deiridh, agus na moltaí a eascraíonn as na céimeanna measúnaithe roimhe sin á mbreithniú.

## 3.6 Cinntí Maoinithe

### ***Iarratais rathúla***

I gcás ina gceadóidh An Coimisiún iarratas ar mhaoiniú, déanfar na bearta seo a leanas:

- Cuireann An Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus aon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis an tairiscint á leagan amach aige.
- Foilsíonn An Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe arna ndaingniú ag An gCoimisiún .
- Ní mór don iarratasóir rathúil a dheimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint maoinithe agus le haon choinníoll/coinníollacha a cheanglaíonn An Coimisiún léi.
- Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil socrú conartha a dhéanamh leis An gCoimisiún , ar théarmaí a shonróidh An Coimisiún. I measc na dtéarmaí sin tá sceideal a bhaineann le tarraingt anuas na gcistí ag iarratasóir. Riarann An Coimisiún cistí de réir théarmaí an chomhaontaithe conartha.
- Beidh rochtain ag an iarratasóir agus ag príomhtheagmhálaí an Chonraitheora ar tháifead an Chonraitheora a chruthófar ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie).

### ***Iarratais nach n-éiríonn leo***

I gcás ina bhfuil An Coimisiún tar éis diúltú d'iarratas ar mhaoiniú, cuirtear iarratasóirí ar an eolas ar bhonn aonair agus cuirtear faisnéis ar fáil dóibh faoi fheidhmíocht a n-iarratas sa phróiseas measúnaithe. Tabharfaidh stádas iarratais [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) le fios ag cén chéim ar dhiúltaítear d'iarratas:

- Má dhiúltaítear le d'iarratas i rith an chéim Réamh-Mheastóireacht tabharfaidh stádas iarratais le fios é mar 'Diúltaithe – Réamh-Mheastóireacht' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.
- Má dhiúltaítear le d'iarratas i rith an chéim Measúnú Cáilíochtúil tabharfaidh stádas iarratais le fios é mar 'Diúltaithe – Céim 1' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.
- Má dhiúltaítear le d'iarratas i rith an chéim Measúnú Straitéiseach tabharfaidh stádas iarratais le fios é mar 'Diúltaithe – Céim 2' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.



### 3.7 Conraitheoireacht

Agus iad i mbun conraitheoireachta leis An gCoimisiún iarrfar ar iarratasóir rathúil roinnt nithe inseachadta a sholáthar don Choimisiún. Tá liosta ar fáil thíos de na nithe a bheadh ag teastáil le linn conraitheoireachta cé nach liosta cuimsitheach é. Tabhair faoi deara nach gcaithfidh na doiciméid seo a bheith réidh nuair atá an t-iarratas á dhéanamh, is chun treoir amháin a thabhairt duit atá siad áirithe anseo.

1. Buiséad & Plean Airgeadais
2. Cóiriú
3. Sonraí faoin gClár agus faoi Dheontais
4. Polasaí Árachais
5. Litir Deimhnithe ón gCraoltóir
6. Litir ón mBanc ábhartha á rá nach ndéanfar Fritháireamh
7. Faisnéis Imréitigh Cánach

### 3.8 Séanadh

Ní hionann an fhaisnéis atá ar fáil sa doiciméad seo agus cuntas uileghabhálach ar na ceanglais reachtúla agus ar na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar iarratasóirí ar mhaoiniú faoin Scéim. Níor cheart a mheas gur ráiteas iomlán nó údarásach faoin dlí é.

Ní mór do na daoine a gcuirtear an doiciméad seo ar fáil dóibh a measúnú neamhspleách féin a dhéanamh tar éis dóibh a gcomhairle ghairmiúil féin a ghlacadh agus cibé fiosruithe breise a dhéanamh, a mheasann siad is gá maidir le gach ní ábhartha. Ní dhéanann An Coimisiún aon uiríoll is ní thugann sé aon bharánta, sainráite nó intuigthe, maidir leis an bhfaisnéis atá sa doiciméad seo nó maidir le haon fhaisnéis ó bhéal nó i scríbhinn a tugadh nó a thabharfar d'aon iarratasóir ionchasach nó dá chomhairleoirí gairmiúla nó dá chomhairleoirí gairmiúla. Séantar go sainráite aon dliteanas i ndáil leis sin.

## 4. Foirm Iarratais

Sa chuid seo den doiciméad, mínítear na gnéithe ar leith atá san Fhoirm Iarratais Oifigiúil agus leagtar amach an fhaisnéis a éilíonn An Coimisiún faoi gach gné. Ba cheart an chuid seo den Treoir a léamh in éineacht leis an bhFoirm Iarratais atá ar fáil [anseo](#). Maidir le hiarratasóirí nach ndéanann **gach** cuid éigeantach den Fhoirm Iarratais a chomhlánú agus na doiciméid éigeantacha **go léir** a sholáthar **san fhormáid cheart** diúltófar iad ag céim na réamh-mheastóireachta. Sa tábla thíos léirítear na nithe atá éigeantach i gcás gach cineál iarratais.

Ní mór na hábhair atá achoimrithe thíos a ionchorprú isteach i gcáipéis PDF amháin.

Ní chóir go mbeadh aon naisc do cháipéisíocht seachtrach san áireamh ach amháin i gcás samplaí beochana. Mholtar gan cáipéisí a bheith leabaithe i gcorp an iarratais ar eagla nach mbeidh rochtana ag an gCoimisiún air nó nach mbeidh sé inléite don Choimisiún .

#	Ábhar na Foirme Iarratais	Éigeantach
1	Sonraíocht an Chláir, lena n-áirítear Cóiríú	Gach iarratas
2	Buiséad	Gach iarratas
3	Nótaí leis an mBuiséad agus/ nó Buiséad Mionsonraithe	Gach iarratas*
4	Plean Airgeadais, lena n-áirítear Caiteachas sa Chríoch	Gach iarratas
5	Litir Tiomantais ó Chraoltóir	Gach iarratas**
6	Má tá sé beartaithe an prionsabal 'Digiteach ar dtús' a úsáid, ba cheart go n-áireofaí sa litir ghealltanais ón gCraoltóir incháilithe dearbhú ar an gcur chuige comhaontaithe maidir le hábhar a chruthú don ghné 'digiteach ar dtús' den togra	I gcás gach iarratais má tá an prionsabal á úsáid
7	Deimhniú Tiomantais ó Mhaoinitheoirí eile	Moltar iad a thabhairt ach níl siad éigeantach***
8	Deimhniú Tiomantais ó Phearsanra/Daoine Cruthaitheacha/Rannpháirtithe Lárnacha	Gach iarratas
9	Oird Reatha Tháscacha	Éigeantach i gcás iarratais raidió, seachas drámaí le scrípteanna
10	Scrípteanna	Iarratais ar Dhrámaíocht

\* Moltar nótaí buiséid do gach iarratas agus tá siad éigeantach do thionscadail Raidió, tá buiséad mionsonraithe ag teastáil le haghaidh gach tionscadal teilifíse.

\*\*\*léigh [alt 3.1.5](#) le haghaidh sonraí

\*\*\*léigh [alt 4.6](#) más é do thoil é chun eolas a fháil ar an tairseach inghlactha

Forchoimeádann An Coimisiún an ceart gan breathnú ar aon ábhar nár cuireadh isteach ar an bhFoirm Ar Líne ná ar an bhFoirm Iarratais agus gan measúnú a dhéanamh air.

### 4.1 Sonraíocht an Chláir

Bain leas as an gcuid seo den fhoirm iarratais lena chur in iúl do mheasúnóirí An Choimisiúin cad atá i gceist le do chlár. Comhlíon gach cuid den fhoirm de réir na dtreoracha a thugtar inti.





## 4.2 Buiséad

Cuimsíonn an Fhoirm Iarratais teimpléad buiséid. Tá an teimpléad seo roinnte ina dhá chuid – costais incháilithe agus costais neamh-incháilithe (féach [3.1.8](#)) le haghaidh sainmhínte agus samplaí). Tá míreanna líne rangaithe faoi fho-cheannteideal sna ranna seo. Ní mór teimpléad buiséid comhlánaithe a bheith san áireamh i ngach iarratas dá dtionscadal ag baint úsáide as an gcatagóirí agus miondealú reatha. Más léiriúchán idirnáisiúnta é, ní mór an buiséad domhanda a sholáthar. Féach thíos le do thoil riachtanais an Choimisiúin maidir le buiséid.


### Comhlánú an Teimpléad

Caithfidh iarratais teilifíse na figiúirí iomlána do gach mír líne ábhartha a áireamh sa bhuiséad. Bain úsáid as na nótaí buiséid agus/nó roinn an bhuiséid mhionsonraithe chun miondealú ar na figiúirí seo a sholáthar, go háirithe má tá tú ag cur figiúirí isteach sna míreanna líne marcáilte “Eile”.

Féadfaidh iarratasóirí úsáid a bhaint as ceann amháin de:

1. An teimpléad buiséid san fhoirm iarratais sa doiciméad Word seo. nó
2. Leagan Excel. Tá sé ar fáil le híoslódáil [\[anseo\]](#). Úsáid an teimpléad agus cóipeáil & greamaigh do bhuiséad deiridh isteach san fhoirm iarratais doiciméad Word.

*Chun Cóipeáil & Greamú: Oscail an bhileog Excel, roghnaigh an limistéar iomlán den bhuiséad. Cliceáil ar dheis agus roghnaigh 'cóipeáil':*



*Oscail an doiciméad Word a bhaineann le d'iarratas. I Roinn 2. Buiséad, cliceáil ar dheis faoi Bhuiséad Éigeantach. Beidh an roghchlár seo a leanas le feiceáil:*




## 2. Buiséad<sup>7</sup>

### Foirm Éigeantach Bhuiséid do Thionscadail Teilifíse<sup>8</sup>

Féadfaidh iarratasóirí úsáid a bhaint as ceann amháin de:

1. An teimpléad buiséid thíos sa doiciméad Word seo. nó
2. Leagan Excel. Tá sé ar fáil le híoslódáil [anseo]. Úsáid an teimpléad agus cóipeáil & greamaigh do bhuiséad deiridh isteach sa doiciméad Word seo. Féach Roinn 4.2 den Treoir Iarratasóra le haghaidh treoracha.

Faoi “Paste Options” cliceáil an dara rogha “Use Destination Styles”.



Déan costas gach míre den bhuiséad a mhionsonrú agus cuir in iúl go hiomlán conas a ríomhadh an figiúr seo. Ba chóir é seo a leagan amach ag tagairt do Thuairisc an Aonaid, Uimhir (laethanta/Seachtainí), agus Ráta ábhartha. Má thabhoídís do thionscadal costais nach bhfuil liostaithe sa teimpléad, úsáid an mhír líne “Eile”, agus tabhair na mínithe riachtanacha sna Nótaí Buiséid. I gcás costais foirne agus léiriúcháin, ba cheart ráta laethúil a sholáthar má bhíonn níos lú ná seachtain amháin i gceist. Níor cheart ráta in aghaidh na huairé a sholáthar ach amháin nuair a bhíonn níos lú ná lá ag teastáil. Féach thíos, sampla críochnaithe de mhír líne ina bhfuil táirgeoir ag buiséadú dá gcuid ama i laethanta. Mar sin is é an t-iomlán ná líon na laethanta amanna iolraithe faoi ráta an léiritheora:

Uimh.	Pearsanra	Cur síos ar an Aonad	Líon	Ráta	Iomlán
1	Léiritheoir	Lá	x	€xxx	= líon x ráta

#### CBL

Ní mór míreanna faoi leith sa Bhuiséad a chur isteach gan CBL a áireamh ach amháin más rud é **nach bhfuil an t-iarratasóir cláraithe** le haghaidh CBL. Ceanglaíonn An Coimisiún ar iarratasóirí rathúla deimhniú a sholáthar ó na Coimisinéirí Ioncaim agus maoiniú á tharraingt anuas acu go bhfuil stádas imréitigh cánach soiléir acu.

#### Airgeadra

Ní mór an buiséad a chur i láthair san airgeadra sin trína maoiníofar an chuid is mó den léiriú. Más rud é nach mbeidís an léiriú á mhaoiniú go príomha in Euro nó i Steirling, ba cheart buiséad Euro a chur ar fáil chomh maith. Déanfar conarthaí a thabhairt chun críche agus a shíniú bunaithe ar íocaíochtaí



**Coimisiún  
na Meán**

táscacha Euro. Míneofar é seo a thuilleadh le linn idirbheartaíochta faoin gconradh. Beidh an maoiniú ar fad a thairgfear in Euro.

#### *Taisteal agus Cothú*

Ba cheart go mbeadh costais taisteal agus chothabhála de réir rátaí is déanaí na Státseirbhíse. Tá na rátaí reatha ar fáil [anseo](#)

#### *Forchostais agus Táille Léiriúcháin / Theagmhais*

Ba cheart an táille forchostais agus an táille táirgthe/táille theagmhais a ríomh mar chéatadán de na costais incháilithe.

I gcás forchostais, is féidir uasmhéid de suas le 5% a chionroinnt ar an líne seo. Is ranníocaíocht é seo i dtreo na bhforchostas gaolmhar a thabhaíonn an táirgeoir le linn táirgeadh.

Féadfar táille léirithe, nó táille theagmhasach a áireamh sa bhuiséad. Go ginearálta tá sé seo suas go dtí uasmhéid de 10%; áfach, is féidir é a chaibidil ar bhonn cás ar chás. Socraítear an táille léiriúcháin/teagmhais ag tagairt d'fhachtóirí cosúil le castacht, fad agus scála an léiriúcháin agus aithníonn sé go bhféadfadh athruithe ar riachtanais airgeadais a bheith ann le linn táirgeadh an chlár.

I gcás roinnt léiriúcháin d'fhéadfadh táille léiriúcháin agus teagmhasach a bheith ceadaithe, d'fhéadfaí é seo a mheas ar bhonn cás ar chás.

#### *Cuntais*

Ní mór socrú a dhéanamh sa bhuiséad maidir leis an gcostas a bhaineann le tuarascáil cuntasóra ar an togra faoin gcaighdeán M45 - Deontas a Éileamh i.e. duine cáilithe a fhostú chun ráiteas costais deiridh a scrúdú agus a ainm nó a hainm a chur leis etc.<sup>1</sup> Féach ar do leathanach An Coimisiún le ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) chun treoir a fháil faoin gcaighdeán M45 maidir le Deontas a Éileamh.

#### *Cartlannú (Seachadadh An Coimisiún)*

Déanfaidh Coimisiún na Meán na clár go léir a mhaoinítear faoin Scéim a chartlannú; ba cheart soláthar a dhéanamh don chostas seo. Maidir leis an raidió, beidh cóip den chlár ar mhaide USB nó ar chárta ag teastáil.

### **4.3 Buiséad Mionsonraithe agus Nótaí Buiséid**

Tá an chuid seo éigeantach. Déanfar iarratais nach bhfuil Nótaí leis an mBuiséad agus/nó Buiséad Mionsonraithe ag dul leo a dhícháiliú sa chéad chéim den mheasúnú.

**Ní mór** nótaí leis an mbuiséad a áireamh i ngach iarratas raidió.

Bain leas as na nótaí leis an mBuiséad chun a mhíniú conas a bhainfidh tú amach an clár a bhfuil cur síos air faoin gcóiriú agus leas á bhaint as na hacmhainní atá liostaithe sa bhuiséad. Ba cheart go nascfadh na nótaí leis na codanna seo den iarratas don mheasúnóir. Ní mór d'iarratasóirí údar maith a thabhairt leis an am, na rátaí agus costais na míreanna líne sa chuid seo. Ba cheart miondealú a sholáthar sna nótaí ar aon chostais atá 'cnuasaithe' sa bhuiséad, m.sh. taisteal agus cothú, agus ba

---

<sup>1</sup> Ceanglaítear le rialacha an Choimisiúin Eorpaigh go ndéanfar athbhreithniú foirmiúil ar gach togra lena chinntiú go gcomhlíonfar Doiciméad na Scéime agus rialacha an CE maidir le Státchabhair.



cheart a mhíniú iontu cén fáth a bhfuil línte costais áirithe riachtanach agus údar maith leo i gcomhthéacs an chlár atá beartaithe. Tabhair le fios go soiléir na cásanna ina mbeidh níos mó ná ról amháin ag an duine céanna, agus, más rud é go bhfuil rátaí difriúla beartaithe, ní mór údar a thabhairt leis sna nótaí sin. Ba cheart d'iarratasóirí achoimre a thabhairt freisin ar na míreanna atá curtha san áireamh sna forchostais agus nóta mínithe a thabhairt faoin táille léiriúcháin má tá ceann áirithe agat.

#### 4.4 Plean Airgeadais

Leag amach na maoinitheoirí go léir (lena n-áirítear maoiniú comhchineáil) don tionscadal faoin gcuid incháilithe agus/nó neamh-incháilithe den phlean airgeadais, de réir mar is cuí. Is féidir leis an iarratasóir a bheith ina mhaoinitheoir don tionscadal freisin. Luaigh go soiléir méid iomlán an mhaoinithe atá á lorg agat ón Scéim agus ríomh é mar chéatadán den Chostas Incháilithe iomlán. Caithfidh an méid iomlán sa phlean airgeadais an méid iomlán sa bhuiséad a léiriú. Ní féidir leis an Scéim breis is 95% de na costais incháilithe a mhaoiniú, agus ní féidir léi aon chostais neamh-incháilithe a mhaoiniú. Níl 95% ar fáil ach amháin i gcás tionscadal raidió a bhfuil buiséad iomlán incháilithe comhionann le, nó níos lú ná, €20k. Féach thuas le do thoil le haghaidh sonraí ar na mairísí maoinithe a bhaineann leis.

#### 4.5 Litir Tiomantais ó Chraoltóir

Ní mór do litreacha gealltanais ó chraoltóir na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

- Ní mór gur craoltóir fuaimne raidió tráchtála nó pobail é atá ceadúnaithe ag Coimisiún na Meán nó ag seirbhís raidió de chuid RTÉ.
- Ní mór é a bheith socraithe ar pháipéar ceanteidil an chraoltóra, dáta le déanaí, agus sínithe ag an gdraoltóir.
- Caithfidh sé tagairt a dhéanamh do theideal thionscadal an iarratasóra.
- Ba chóir go léireodh sé an cainéal ar a gdraolfar an clár.
- Ba chóir go mbeadh sé tiomanta do chlár, nó do shraith clár, a chraoladh ag buaic-amanna (féach Mír 3.1.5 le haghaidh sainmhínte ar bhuaic-amanna).
- Ba chóir go ndeimhneodh sé aon ghealltanais airgeadais atá le soláthar ag an gdraoltóir, más infheidhme.
- Ba chóir go ndearbhódh sé aon tiomantas don Chéad Phrionsabal Digiteach ón gdraoltóir, más infheidhme.

Má chuirtear litir craoltóra isteach san iarratas agus mura gcloíonn sí leis na ceanglais atá leagtha amach thuas, forchoimeádan Coimisiún na Meán an ceart an t-iarratas a dhiúltú ag an gcéim réamh-mheasúnaithe.



## 4.6 Deimhniú Tiomantais ó Mhaoinitheoirí Eile

Má tá páirtithe seachas An Coimisiún agus an t-iarratasóir ag moladh maoiniú a chur ar fáil don tionscadal, ba cheart deimhniú gealltanais maidir leis seo a chur san iarratas. Ní mór an chuid is mó den mhaoiniú a theastaíonn chun an tionscadal a tháirgeadh a léiriú go bhfuil sé slán. Is chun leas an iarratasóra é a chinntiú go léirítear go soiléir gach cistiú tiomanta.

**Ba chóir go léireodh iarratais go bhfuil ar a laghad 85% den mhaoiniú a theastaíonn chun an tionscadal a dhéanamh daingnithe, féach thíos na treoirlínte ar litreacha maoinithe agus cad atá ag teastáil chun a léiriú go bhfuil maoiniú “slánaithe”.**

**Mura léirítear go bhfuil ar a laghad 85% den mhaoiniú urraithe ag an am a chuirtear an t-iarratas isteach, forchoimeádann An Coimisiún an ceart an tionscadal a lascainiú ón bpróiseas iarratais.**

**Chun críocha cistiú urraithe a ríomh, féadfaidh iarratasóirí an méid a iarrtar ón gCoimisiún a chomhaireamh mar rud atá urraithe ar an mbonn nach n-iarrtar níos mó ná €500,000.**

### Treoracha le haghaidh litreacha maoinithe:

- Ba cheart litreacha maoinithe a bheith ar pháipéar ceanteidil
- Ba chóir a léiriú go leordhóthanach go mbeidh an litir tacaíochta bailí go dtí go mbeidh an Babhta daingnithe ag an gCoimisiún.
- Go ginearálta is ba chóir go mbeadh litreacha maoinithe sínithe agus dátaithe laistigh de thrí mhí ó spriocdháta an bhabhta ábhartha.
- Ba cheart a ainm an togra a lua sa litir, agus deimhniú a thabhairt (i) faoin méid tacaíochta atá á cur ar fáil, (ii) cathain a chuirfear an tacaíocht ar fáil (iii) agus/nó aon choinníollacha a ghabhann leis an tacaíocht sin.
- Má tá maoiniú á chur ar fáil ag an gcraoltóir tacaíochta ba chóir an maoiniú seo a ghealladh sa litir tacaíochta ón gcraoltóir.
- Níl litreacha maoinithe éigeantach ach in éagmais a leithéid de chomhfhreagras forchoimeádann An Coimisiún an ceart glacadh leis sa mheasúnú nach bhfuil an tacaíocht sin deimhnithe cé go bhféadfadh sé a bheith luaite ar liosta de rudaí atá deimhnithe in áit eile san iarratas.
- Muna léirítear go bhfuil méid suntasach maoinithe deimhnithe mar mhaoiniú urraithe. (níos mó ná 15% de na costais incháilithe) féadfaidh go mbainfear d'iarratas den phróiseas iarratais
- Ní ghlacfar le doiciméadú mar dhréacht/gan síniú ó mhaoinitheoirí mar fhianaise tacaíochta.
- Ní mheastar gurb ionann deimhniú maoinithe a fuarthas roimhe seo ó eagraíocht ar nós maoiniú forbartha, mar dheimhniú ar mhaoiniú léiriúcháin amach anseo ón eagraíocht sin.
- Ní mheastar ach go bhfuil litreacha ó mhaoinitheoirí ionchasacha ag dearbhú go bhfuil iarratasóir i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú mar dheimhniú leordhóthanach ar mhaoiniú.

## 4.7 Beathaisnéisí agus Litreacha Tiomantais ó Phríomhphearsanra

Tá próifíl ghairmiúil nó beathaisnéis a leagann amach a dtaithí ábhartha éigeantach le haghaidh pearsanra lárnach. Ná tabhair a CVanna, le do thoil. B'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh litreacha nó ríomhphoist tiomantais ó phearsanra lárnach a sholáthar freisin i gcás go bhféadfaí a bheith den tuairim gur deacair iad a fháil mar rannpháirtithe. Má d'oibrigh aon príomhphearsanra ar thionscadail Fuaim & Fís roimhe seo d'eintitis chonartha eile ba cheart an fhaisnéis seo a chur san áireamh sa beathaisnéis a chuirtear isteach do na daoine sin.

**Tabhair faoi deara nár chóir sonraí pearsanta a sholáthar ach má chreideann tú go bhfuil siad**



**Coimisiún  
na Meán**

**riachtanach chun an tionscadal a mheasúnú.** Dá réir sin, má chuirtear aon sonraí pearsanta san áireamh ba cheart an fhaisnéis sin a áireamh sa cheangaltán dar teideal Faisnéis faoi Rún is féidir a uaslódáil ar do thaifead iarratais ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie).

#### **4.8 Daoine Cruthaitheacha Lárnacha / Rannpháirtithe Lárnacha**

Ba cheart litreacha Tiomantais ó Dhaoine Cruthaitheacha Lárnacha agus ó Rannpháirtithe Lárnacha a chur isteach freisin más cuí. Moltar d'iarratasóirí litreacha tiomantais a sheoladh isteach ó Dhaoine Cruthaitheacha agus ó Rannpháirtithe Lárnacha atá riachtanach chun an togra a sholáthar agus/nó a bhfuil sé deacair deimhniú a thabhairt ina leith.

Ba cheart go mbeadh an t-ábhar sin ar aon dul leis an ábhar atá liostaithe i Sonraíocht an Chláir atá leagtha amach i d'iarratas. Tabhair faoi deara in éagmais a leithéid de chomhfhreagras go bhforchoimeádann An Coimisiún an ceart glacadh leis sa mheasúnú nach bhfuil rannpháirtíocht na ndaoine sin deimhnithe cé go bhféadfadh sé a bheith luaite ar liosta de rudaí atá deimhnithe áit eile san iarratas.

Tabhair faoi deara nár chóir sonraí pearsanta a sholáthar ach má chreideann tú go bhfuil siad riachtanach chun an tionscadal a mheasúnú. Dá réir sin, má chuirtear aon sonraí pearsanta san áireamh ba cheart an fhaisnéis sin a áireamh sa cheangaltán dar teideal Faisnéis faoi Rún is féidir a uaslódáil ar do thaifead iarratais ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie).



## 4.9 Oird Reatha Táscacha

Ní mór d'iarratasóirí Raidió oird reatha tháscacha a sholáthar le haghaidh a gcuid tograí, ach amháin i gcás iarratais raidió a bhfuil script iomlán ag gabháil leo.

## 4.10 Scripteanna

Ní mór scripteanna a chur ar fáil do gach clár Drámaíochta agus a bheith sa teanga ina gcaolfar an clár. I gcás sraith clár nach bhfuil na scripteanna ar fad ar fáil iontu, ní mór script amháin ar a laghad agus breac-chuntas ar gach clár sa tsraith a chur san áireamh in iarratais. **Tá scripteanna inmholta freisin d'fhormáidí eile** m.sh., cláir faisnéise, ina bhfuil gné shuntasach drámaíochta. Is féidir scripteanna lámhaigh a chur san áireamh freisin.

## 4.11 Prionsabal Digiteach ar dTús

Más mian le hlarratasóir ábhar closamhairc a dháileadh sula gcomhlíontar ceanglas craolta S&V4 ba chóir é seo a leagan amach go mion san iarratas. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis an cur chuige maidir leis an eisiúint dhigiteach, lena n-áirítear cibé acu go hiomlán nó go páirteach, aon chomhpháirtíochtaí/cistitheoirí gaolmhara, frámaí ama gaolmhara, agus aon chostais táirgthe ghaolmhara ba cheart a shainiú go soiléir sa bhuiséad. Tá litir Dheimhnithe ón gCraoltóir fós ag teastáil ón gCoimisiún, agus ba cheart go n-áireofaí léi gealltanais scríofa do phrionsabal Digital First agus a éileoidh go gcaolfar an t-ábhar closamhairc ar chraoltóir incháilithe le linn an sceidil buaic-ama laistigh de 12 mhí ó sheachadadh an ábhair don Craoltóir. . Más gnéscannán, gnéchlár faisnéise, dráma, nó beochan é ábhar an chláir, áfach, tá cead ag An Coimisiún craoladh líneach buaic-ama a cheadú laistigh de 24 mí ó sheachadadh an ábhair don Craoltóir.



## Aguisín 1 – Maitrís Scórála Réamhmheastóireachta

Mar a leagtar amach thuas in alt 3.1, foráiltear le F&F4 go gcaithfidh iarratasóir agus an t-iarratas roinnt critéar a chomhlíonadh chun a bheith cáilithe le haghaidh measúnú i leith maoiniú a dhámhachtain. Ba chóir don iarratasóir a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, mura mbainfidh sé nó sí scór Pas amach faoi gach critéar, nach mbeidh an t-iarratas incháilithe le haghaidh measúnú chun maoiniú a dhámhachtain.

CRITÉAR	Is ea / Ní hea
a) a) an gcomhlíonann stádas an iarratasóra ceanglais na scéime	
b) b) an bhfuil an téama, an teanga, an fhormáid agus seánra a mholtar i gcomhair an chláir i gcomhréir leis an téama, an teanga, an bhformáid agus an seánra a cheadaítear faoi F&F4	
c) c) an bhfuil an méid maoiniúcháin atá á iarraidh ag teacht laistigh de na ceaduithe teorann faoi F&F4	
<b>Incháilitheacht: An bhfuil an t-iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi F&amp;F4 agus an gcomhlíonann an t-iarratas buncheanglais F&amp;F4? An mbaineann seo leis an gceist::</b>	
d) e) ag glacadh leis go bhfuil an méid a iarrtar ón gCoimisiún slán, léirítear go bhfuil 85% ar a laghad den mhaoiniú iomlán a theastaíonn chun an tionscadal a chur le chéile slán	
e) f) sholáthair an t-iarratasóir dearbhú nár cuireadh tús leis an leiriúcháin sular cuireadh an t-iarratas faoi bhráid F&F	
f) g) tá sé léirithe go ndeimhnítear craoltóir incháilithe chun an tionscadal a chraoladh.	
Ina theannta sin: Ar thug an t-iarratasóir dearbhú go bhfuil ábhar an chláir atá á mholadh nua agus gur dheacair é a tháirgeadh in éagmais maoiniú faoi F&F4?	
An bhfuil an t-iarratas críochnaithe, an bhfuil na treoirlínte iarratais go léir comhlíonta ag an iarratasóir agus an bhfuil na doiciméid ábhartha go léir curtha isteach aige	

Is ionann scór pas a bhaint amach sa chéim cháiliúcháin agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an t-iarratas incháilithe lena bhreithniú chun maoiniú a dhámhachtain, agus é sin amháin. Má mheastar go bhfuil an t-iarratas incháilithe, tabharfar neamhaird ina dhiaidh sin ar an scór pas a bronnadh le linn na céime cáiliúcháin agus ní bheidh aon ról aige i mbreithniú na n-iarratas ar mhaoiniú is oiriúnaí, is rud a chinnfear faoi threoir na gcritéar atá leagtha amach i ndoiciméid treorach F&F4 (féach [Aguisíní 2](#) agus [3](#)), agus faoina dtreoir sin amháin.



## Aguisín 2 – Mairís Scórála Cáilíochtúil

Mar a leagtar amach thuas in alt 3.2, déantar socrú le F&F4 chun breithniú a dhéanamh ar iarratas ar mheasúnú i leith maoiniú a dhámhachtain má bhaineann iarratas pas amach sa Chéim Réamh-mheastóireachta. Sa chéad chéim mheasúnaithe eile sin, an Chéim Mheasúnaithe Cháilíochtúil, bunófar painéil mheasúnaithe déanta suas de baill foirne Coimisiún na Meán agus measúnóirí seachtracha atá cáilithe go cuí. Déantar gach iarratas a mheasúnú go neamhspleách ag measúnóirí seachtracha ag úsáid na gcritéir leagtha amach thíos, agus ansin tionóltar cruinniú den Phainéal chun gach iarratas a phlé agus teacht ar chomhthuiscint maidir leis an measúnú agus an scór a baineadh amach do gach iarratas. Caithfidh iarratasóir íosmhéid de 50% a fháil faoi gach critéir éigeantach chun cáiliú le haghaidh breithniú ar dhámhachtain maoinithe. Leagtar amach na critéir cháilíochtúla do Bhabhta 55 thíos.

CRITÉIR	Scór ar Fáil
<p><b>Breisíocht, Luach Cultúir &amp; Nuálaíocht:</b> Cé chomh maith agus a chuireann ábhar an chláir/na gclár le raon na ndeiseanna féachana nó éisteachta le haghaidh lucht féachana agus éisteachta in Éirinn? Cé chomh maith agus a théann an togra i ngleic le héagsúlacht in ábhar an togra? Ina leith seo, an molann an t-iarratas gnéithe de chultúr, sochaí, pobail nó muintir na hÉireann nach léirítear go minic a léiriú? Cé chomh spreagúil agus nuálach agus atá an t-iarratas maidir le cur i láthair an chláir agus an cur chuige maidir le táirgeadh an chláir? Ar thaispeáin an t-iarratasóir aon ghné nuálach eile maidir leis an togra mar shampla, Digiteach ar Dtús a chur san áireamh?</p> <p><i>Maidir le hiarratasóirí a bhaineann le Craoltóirí Pobail, cé chomh maith agus a chuireann an togra le réimse na ngrúpaí nó na ndaoine aonair atá páirteach go gníomhach sa stáisiún? An gcuimsítear leis an togra clár a dhéanamh trí ghrúpa pobail nach mbíonn rannpháirteach rómhinic, agus/nó nach gcloistear rómhinic sna meáin? An dócha go dtiocfaidh forbairt as sin ar thuiscint níos fearr, agus rannpháirtíocht i dtáirgeadh agus i scaipeadh ábhar an chraolta?</i></p>	50
<p><b>Caighdeán an Iarratais:</b> Cé chomh maith agus a léiríonn an togra go gcuirfidh sé cruthú an ábhair bhaintigh go cultúrtha chun cinn do lucht féachana na hÉireann agus aidhmeanna agus cuspóirí na hÉireann de Fhuaim agus Fís 4 a chur chun cinn? An dtaispeántar go soiléir sa togra ó thaobh ábhair, cur chuige agus próiseas léiriúcháin de go mbeidh an clár/na cláir ar ardchaighdeán? Ar thug an t-iarratasóir aon chomhpháirtíochtaí chun críche, cibé acu foirmiúil nó neamhfoirmiúil, le tríú páirtithe ábhartha? Má thug, le déantóir cláir nó le déantóirí clár, cén tairbhe a thabharfaidh sé don phróiseas déanta clár agus don ábhar cláir dá réir? Cuntas teiste an Iarratasóra ag a bhfuil iarratais nó conarthaí déanta ar Fhuaim &amp; Fís roimhe seo san áireamh?</p> <p><i>Maidir le hiarratasóirí atá bainteach le Craoltóirí Pobail, cén feabhas a chuirfidh sé ar thorthaí tairbhe sóisialta de chuid an tionscadail (lena n-áirítear maidir le héagsúlacht níos fearr, rannpháirtíochtaí pobail agus cuimsiú sóisialta)?</i></p>	30
<p><b>Acmhainní agus Cás a Rinneadh ar son Maoinithe:</b> An bhfuil na hacmhainní atá molta mínithe go soiléir, agus an leor agus réalaíoch iad i gcomhthéacs an togra? An mínítear sa bhuiséad agus sna nótaí buiséid cén fáth a bhfuil gá le línte costais ar leith agus a bhfuil call leo i gcomhthéacs an chláir atá beartaithe? An léiríonn an togra luach ar airgead agus an bhfuil an méid maoinithe a iarrtar ar an gCoimisiún réadúil? An mbeadh sé deacair an tionscadal a dhéanamh gan tacaíocht ón gCoimisiún? Cad é an leibhéal riachtanais atá leis an maoiniú seo? Tabharfar aird ar mhaoiniú atá leithdháilte cheana féin ar an iarratasóir ag Fuaim &amp; Fís. An bhfuil aon chomhpháirtíochtaí foirmiúla nó neamhfoirmiúla tugtha chun críche ag an iarratasóir le tríú páirtithe ábhartha? Má tá, le comh-infheisteoir, cén leibhéal comh-infheistíochta atá i gceist, cén leibhéal feabhsaithe a thabharfaidh sé don tionscadal agus an</p>	20



*gcuirfidh sé gearáil níos mó ar fáil do mhaoiniú an Choimisiúin? Má tá an tIarratasóir ag páirtmhaoiniú an tionscadail, an bhfuil an méid a luaitear ag teacht uathu réadúil?*

*Teist an Iarratasóra agus an phríomhphearsanra a bhfuil baint acu leis an tionscadal, lena n-áirítear sonraí tacaíochta ar nós CVanna mar atá leagtha amach san Iarratas agus an bhfuil cumas seachadta léirithe ag an Iarratasóir?*



### Aguisín 3 – Mairís Scórála Straitéiseach

Mar a leagtar amach thuas in alt 3.3, déantar socrú le F&F4 maidir le céim Mheasúnaithe Straitéisigh inar mó líon na n-iarratas cáilitheach ón gCéim Mheasúnaithe Cháilíochtúil ná an leibhéal maoinithe atá ar fáil. Maidir leis sin de, ceanglaítear mar chuid den Chéim Mheasúnaithe Straitéisigh scrúdú breise a dhéanamh ar leithdháileadh cistí. Caithfidh An Coimisiún a bheith feasach ar chothromaíocht an mhaoinithe ar fud na meán craolacháin; ó thaobh teanga; formáide agus seánraí; an lucht féachana agus éisteachta ar a bhfríohtáiltear; agus aon chritéar straitéiseach ar leith arna leagan síos ag an gCoimisiún, mar shampla, mná i bPríomhról cruthaitheach.

CRITÉIR STRAITÉISEACHA	Scór ar Fáil
<b>Éagsúlacht na bhFormáidí, Seánraí, Ábhar agus an Lucht Féachana a bhfreastalaítear air:</b> <i>Chun a chinntiú go dtáirgtear ábhar atá bainteach go cultúrtha, ní mór sciar dháileadh an mhaoinithe ar fud na bhformáidí, seánraí agus lucht féachana ceadaithe a bhaint amach. Tabharfar aird ar an éagsúlacht in ábhar an chlár bheartaithe, lena n-áirítear comhionannas agus cuimsiú inscne.</i>	70
<b>An Ghaeilge:</b> <i>Ní mór d'Coimisiún na Meán a chinntiú go mbronnar 25% den mhaoiniú bliantúil ar Chlársceidealú Gaeilge / dátheangach. Bronntar an scór má thaispeántar gurb í an Ghaeilge ar a laghad 30% den teanga a úsáidtear sa chraolachán críochnaithe.</i>	10
<b>Forbairt Tallainne agus Scileanna:</b> <i>An dtugann an t-iarratas deis ar fáil maidir le forbairt na tallainne nó na scileanna, go háirithe daoine lena dtaispeántar éagsúlacht cultúr agus éagsúlacht eitneach na hÉireann agus an leor an leibhéal tacaíochta? Nó an leor an méid deiseanna a chuireann an t-iarratasóir ar fáil chun tallann agus/nó scileanna a fhorbairt?</i>	10
<b>Mná i bPríomhról Cruthaitheach:</b> <i>A mhéid a chuirtear mná san áireamh i ról na ceannaireachta san fhoireann chruthaitheach.</i>	10
<b>Scór Measúnaithe Cháilíochtúil:</b> <i>An scór mar a bhronnann an Painéal Measúnaithe Cháilíochtúil</i>	--